2024/805

8.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/805 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm Airteagal 11(1) den Rialachán sin.

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(8) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a shuíomh an bhfuil bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí in-athnuaite iompair gásacha agus leachtacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte ag comhlíonadh cheanglais Threoir (AE) 2018/2001, tá a ndeimhniú ceart agus comhchuibhithe trí scéimeanna deonacha fíor-riachtanach. Dá bhrí sin, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear rialacha comhchuibhithe is infheidhme maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin ar fad, rud lena dtugtar an deimhneacht dhlíthiúil is gá i ndáil leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibreoirí eacnamaíocha agus scéimeanna deonacha.

(2) Tháinig Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 i bhfeidhm an 30 Meitheamh 2022 agus beidh feidhm ag a rialacha ó 18 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm, is é sin ón 30 Nollaig 2023.

(3) Le linn chur chun feidhme na gceanglas ar na Ballstáit maidir le creidiúnú nó aitheantas i ndáil le maoirseacht ar chomhlachtaí deimhniúcháin a leagtar amach in Airteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996, thángthas ar an gconclúid go mbeadh gá ag na Ballstáit le tréimhse ullmhúcháin i bhfad níos faide chun cláir chreidiúnúcháin nó córas aitheantais a ullmhú go cuí agus nach mbeadh sé indéanta sin a chur chun feidhme faoi dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin sin.

(4) Mura mbeadh na Ballstáit in ann rochtain a thabhairt ar chláir chreidiúnúcháin nó ar chóras aitheantais do na comhlachtaí deimhniúcháin atá ann cheana ar dháta chur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996, ní bheadh aon cheann de na comhlachtaí deimhniúcháin atá ann cheana in ann forálacha Airteagal 11(1) den Rialachán sin a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, leanúint dá gcuid oibre deimhniúcháin i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2018/2001 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 is infheidhme maidir le comhlachtaí deimhniúcháin. Leis sin chuirfí isteach go mór ar mhargadh na mbreoslaí in-athnuaite ó thús 2024 ar aghaidh.

(5) Dá bhrí sin, ionas gur féidir Airteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 a chur i bhfeidhm, is gá a chur i bhfeidhm a chur siar, mar atá an ceanglas ar dá réir atá comhlachtaí deimhniúcháin le creidiúnú ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) nó le haithint ag údarás inniúil chun raon feidhme Threoir (AE) 2018/2001 nó raon feidhme sonrach na scéime deonaí a chumhdach. Tréimhse iomchuí, riachtanach agus chomhréireach is ea tréimhse bliana féilire amháin chun go mbeifear in ann tuilleadh ullmhúcháin a dhéanamh.

(6) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 a leasú dá réir sin.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/dir/2018/2001/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú (IO L 168, 27.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/996/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/765/oj).

(7) Ba cheart an Rialachán Cur Chun Feidhme leasaitheach seo a chur i bhfeidhm ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme, is é sin an 30 Nollaig 2023, chun bailíocht na ndeimhnithe uile a d'eiseodh na comhlachtaí deimhniúcháin ón 30 Nollaig 2023 go dtí teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a áirithiú.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise a bunaíodh le hAirteagal 34(2) de Threoir (AE) 2018/2001.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 28 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Is ón 1 Eanáir 2025 a bheidh feidhm ag Airteagal 11(1) den Rialachán seo, áfach.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 30 Nollaig 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN